# Treoirlínte don Oide

Tá súil againn go mbainfidh sibh úsáid as acmhainn Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025. Tuigimid go maith go bhfuil níos mó anseo ná mar a bheadh in úsáid agaibh, ach is dócha gur fearr an iomarca de rud a bheith ann seachas gan go leor a bheith ar fáil. Tá rogha mhaith ábhair anseo, agus d'fhéadfaí na codanna nach mbeidh in úsáid i dtosach báire, a úsáid ag staid éigin eile i rith na bliana.

Baineann a théama féin leis na laethanta éagsúla i rith na seachtaine agus cabhróidh na hacmhainní libh dul i ngleic leis an téama sin le sleachta oiriúnacha, na cinn a thagann ó scríbhinn an Phápa Proinsias ach go háirithe, maidir leis na doiciméid *Christus Vivit* agus *Laudato Si'*. Moltar gníomhaíochtaí áirithe le haghaidh an lae, seans nach bhféadfaí iad ar fad a dhéanamh. Tá bileoga oibre istigh chomh maith a dhéanann scrúdú ar théamaí, agus seirbhís urnaí, nó tráth urnaí freisin. Tá PowerPoint ar fáil do chuid de na laethanta, agus chabhróidís mar réamhrá, nó machnamh, nó conclúid.

Luamar go leor samplaí d'amhráin, agus naisc don cheol ar YouTube agus/nó Spotify freisin. Tá an chuid ba mhó de na hamhráin ar fáil ar an dá ardán – bíonn 'audio amháin' go maith ó thaobh na héisteachta dírithe de, agus ag am na hurnaí machnamhaí, agus baineann fócas ranga leis an bhfíseán, toisc go mbíonn níos lú cur isteach ar na daltaí.

Tabharfaidh sibh faoi deara go luaitear rudaí áirithe níos mó ná uair amháin – mar shampla, seans go luafar sliocht ábhartha sa réamhrá, agus go mbeidh sé le sonrú mar ábhar spreagúil i PowerPoint, nó ar bhileog oibre. Ceapaimid go gcuirfear deis ar fáil dá bharr, le hatreisiú a dhéanamh ar an teachtaireacht, agus le deis bhreise a chur ar fáil go mbeidh teagmháil ag na daltaí leis na hamhráin, nó leis na sleachta, toisc nach gclúdófar an t-ábhar ar fad atá anseo.

Tá an Réamhrá agus an Chonclúid mar shleachta le léamh os ard ag tosach an ranga, nó mar eolas don oide amháin.

